Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Márta 2026
(OR. en, hu)

7427/26
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0404(COD)**

CODEC 471
MIGR 86
JAI 365
ASIM 22
SOC 162
EMPL 71
EDUC 88

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh **(an chéad léamh)**<br>-- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**D'iarr an Ungáir go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Is mór ag an Ungáir iarrachtaí na hUachtaránachta Linn Tallainne a bhunú.

Ag an am céanna, creidimid go n-eascraíonn an ganntanas lucht saothair san Eoraip go príomha as dúshláin dhéimeagrafacha na mór-roinne, ar dúshláin iad nach bhféachann an Ungáir le haghaidh a thabhairt orthu tríd an imirce a spreagadh.

Creidimid gur féidir le rannpháirtíocht lucht saothair ó lasmuigh den Aontas Eorpach feidhmiú mar réiteach sealadach ar a mhéad. Tá beartas fostaíochta na hUngáire tiomanta i gcónaí do mhargadh saothair na hUngáire a chosaint, ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna oibrithe tí, agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair ar bhealach spriocdhírithe.

Ní tugtar ach breisluach teoranta don mhargadh saothair ar leibhéal an Aontais leis an togra, agus ní mian leis an Ungáir páirt a ghlacadh in oibriú an chórais dá bharr sin. Is gné bhunúsach den togra í an rannphháirtíocht dheonach. Urramaíonn an Ungáir an chaoi ar mian le Ballstáit eile aghaidh a thabhairt ar a riachtanais féin sa mhargadh saothair.

Cé go n-aithníonn an Ungáir iarrachtaí na hUachtaránachta, ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, staonfaidh sí ón vótáil maidir leis an rialachán a ghlacadh.

**D'iarr an Ísiltír go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Aithníonn an Ísiltír gur féidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rannchuidiú le ganntanais sa mhargadh saothair sna Ballstáit a mhaolú. Aithnímid freisin gur féidir le tograí, cuir i gcás an Rialachán lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rannchuidiú go dearfach leis an idirphlé maidir le himirce le tíortha comhpháirtíochta tionscnaimh agus idirthurais. Le linn na caibidlíochta idirinstitiúidí, tharraingíomar aird mhór ar mhí-úsáid agus dúshaothrú náisiúnach tríú tír a chosc. Tá an Ísiltír den tuairim gur cheart postú míchuí náisiúnach tríú tír sna Ballstáit – san Aontas a chosc a mhéid is féidir, rud atá tábhachtach freisin i gcomhthéacs sonrach Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Cuireann cleachtais amhail na cleachtais sin na náisiúnaigh tríú tír i staid leochaileach, rud a fhágann go bhfuil riosca níos airde dúshaothraithe saothair ann, a chruthaíonn iomaíocht éagórach idir cuideachtaí agus sodar go grinneall ar dhálaí saothair agus a théann timpeall ar bheartais náisiúnta imirce.

Ba cheart dúinn a áirithiú nach mbeifí in ann náisiúnaigh tríú tír a phostú go míchuí trí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh feasta. Tar éis an tsaoil, ní fheidhmeoidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh chun ganntanais shonracha sa mhargadh saothair sna Ballstáit a mhaolú más féidir náisiúnaigh tríú tír a phostú go tapa agus ar feadh tréimhsí fada chuig Ballstáit eile (fiú chuig Ballstáit neamh-rannphháirteacha). Agus an méid sin á dhéanamh, ní hamháin nach bhfuil postú i gcomhthéacs Linn Tallainne an Aontais inmhianaithe i gcás na mBallstát atá ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar ghanntanais sa mhargadh saothair, ach níl sé inmhianaithe i gcás cuardaitheoirí poist agus ná na Ballstáit is faighteoirí ach an oiread.

Creidimid, dá bhrí sin, go bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise ón Aontas chun fíorphostú náisiúnach tríú tír a chur chun cinn agus chun tacú le soiléiriú a thabhairt maidir leis an gcreat dlíthiúil a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír a phostú. Is réamhchoinníoll í an tsoiléireacht dhlíthiúil, mar shampla trí Threoir nua de chuid an Aontais, chun na rialacha maidir le postú a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Ina dhiaidh sin, áirithítear le forfheidhmiú éifeachtach cothrom iomaíochta do chuideachtaí agus cóir chothrom do náisiúnaigh tríú tír. Ar deireadh, ní mór na dúshláin a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír a leabú go daingean i sainordú an Údaráis Eorpaigh Saothair.